2008 **tuarascáil bhliantúil**




**Is í an tosaíocht sháraitheach atá ag SFAÉ, leorchainníochtaí comhpháirteanna fola den chaighdeán is airde a sholáthar dár n-ospidéil.**
Sa bhliain dar chríoch 2008, d'éirigh linn stoic fhola a choinneáil ag na leibhéil ba ghá chun freastal ar ár seirbhís sláinte.

# ibts

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

"Tá SFAÉ tiomanta don sármhaitheas ina freastal ar riachtanais othar, trí ghairmiúlacht na foirne agus flaithiúlacht ár ndeontóirí."



# Clár

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht ón gCathaoirleach | 03 |
| Tuairisc an Chathaoirligh | 04 |
| Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh | 07 |
| Tuairisc an Stiúrthóra Míochana & Eolaíochta | 09 |
| Oibríochtaí | 11 |
| Staitisticí Deontóra | 13 |
| Tástáil | 17 |
| An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais | 23 |
| Seirbhísí Breise | 25 |
| Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann | 27 |
| Dearbhú Cáilíochta | 28 |
| Acmhainní Daonna | 30 |
| Airgeadas | 32 |
| Rialachas Corparáide | 34 |
| Sonraí Teagmhála | 40 |

## Ár Luachanna

**Sármhaitheas seirbhíse**
Bainfimid sármhaitheas amach trí sheirbhís ardchaighdeáin a thabhairt dár n-othar agus dár ndeontóirí

**Meas**
Cuirfimid cóireáil lách measúil ar dheontóirí, othair, chomhghleacaithe agus chách eile a mbíonn caidreamh againn leo


**Ionracas**
Táimid tiomanta don ionracas agus d'oscailteacht inár mbeartaíocht uile

**Foghlaim**
Táimid tiomanta d'fhoghlaim leanúnach eagraíochtúil, d'forbairt ghairmiúil phearsanta, agus do thaighde

**Cuntasacht**
Geallaimid a bheith cuntasach chun na gcaighdeán is airde gairmiúlachta, pearsanta agus poiblí

**Obair Bhuíne**
Geallaimid comhoibriú le chéile ar bhealach atá dearfach agus cuiditheach

"Tá mo theachtaireacht mar Chathaoirleach ar SFAÉ i mbliana simplí ach is ó mo chroí istigh a thig sí. Tá deontóirí breise agus deontóirí nua de dhíth orainn. Beidh siad uainn go leanúnach lena chinntiú go gcuirfear cóireáil bhunriachtanach ar na hothair a bhfuil táirgí fola bunriachtanacha de dhíth orthu."





# Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Is í an tosaíocht sháraitheach atá ag SFAÉ, leorchainníochtaí comhpháirteanna fola den chaighdeán is airde a sholáthar dár n-ospidéil. Sa bhliain dar chríoch 2008, d'éirigh linn stoic fhola a choinneáil ag na leibhéil ba ghá chun freastal ar ár seirbhís sláinte. Thug seo an-sásamh do chách a bhí bainteach leis, agus táimid an-bhuíoch ar fad dár ndeontóirí as an méid uathúil a rinne siadsan.

Toisc go raibh scagtháistáil dhian á déanamh ar dheontóirí, áfach, ba mhór an dúshlán dúinn na stoic fhola a chaomhnú. Lena chinntiú go mbeidh leorsholáthar de na comhpháirteanna fola is airde caighdeáin ann i gcónaí, ní mór dúinn an líon reatha deontóirí a choinneáil agus deontóirí nua a mhealladh ar bhonn leanúnach.

Tá mo theachtaireacht mar Chathaoirleach ar SFAÉ i mbliana simplí ach is ó mo chroí istigh a thig sí. Tá deontóirí breise agus deontóirí nua de dhíth orainn. Beidh siad uainn ar bhonn leanúnach lena chinntiú go gcuirfear cóireáil bhunriachtanach ar na hothair a bhfuil táirgí fola bunriachtanacha de dhíth orthu.

Le linn 2008, chuireamar tús le cur chuige nua fógraíochta do SFAÉ, agus chruthaíomar ár mbranda nua 'giveblood.ie'. Tá súil againn go mbeidh na tionscnaimh seo ina chuidiú chun ár gcaidreamh le deontóirí agus le deontóirí féideartha ar fud na tíre a nuachóiriú agus a phearsanálú, agus go bhfeabhsóidh sé ár bpróifíl, sa dóigh gur féidir linn an tosaíocht is tábhachtaí atá againn a thabhairt i bhfeidhm.

Rinne an tUachtarán Mhic Giolla Íosa an 14ú Meitheamh – Lá Domhanda na nDeontóirí Fola – a chaoinóstáil in Áras an Uachtarán. D'fhreastail dhá chéad duine, ar a raibh deontóirí, saorálaigh, gairmithe cúram sláinte, faighteoirí agus baill foirne, ar an ocáid seo. Thug an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa aitheantas don sárobair dheonach a rinne an oireadsan daoine ar son daoine eile.

Ag éirí as plé leis an Roinn Sláinte agus Leanaí i mí na Nollag, rinneadh cinneadh dearfach maidir le hionad nua i gCorcaigh. D'fháiltigh Bord SFAÉ go mór roimh an gcinneadh seo agus táthar anois ag obair ar chéim dheartha an Ionaid nua. Tá an Bord buíoch ach go háirithe don Aire Sláinte agus Leanaí, Ms. Mary Harney, T.D., as a tacaíocht leanúnach ina leith seo.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do thacaíocht chomhaltaí an Bhoird a thug a gcuid ama chomh flaithiúil sin le linn na bliana atá caite.

Maidir le tiomantas agus dílseacht fhoireann SFAÉ i mBaile Átha Fhirdhia, Ceatharlach, Corcaigh, Luimneach, Tuaim agus Baile Átha Cliath, ba mhaith liom buíochas an Bhoird a chur in iúl daoibh as bhur n-iarrachtaí leanúnacha agus an tseirbhís fhíorthábhachtach seo á cur ar fáil agaibh – mo mhíle buíochas daoibh.

**Maura McGrath**
Cathaoirleach

# Tuairisc an Chathaoirligh

## Tuairisc Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais comhlacht Stáit a mheas don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2008, de réir Aguisín E den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

1. Glacaim, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Chomhlachta.
2. Ní thig le córas rialaithe inmheánaigh SFAÉ ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh earráidí, míráitis nó caillteanais ábhartha.
3. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach aige chun rioscaí suntasacha ag SFAÉ a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú. Athbhreithníonn an Bord an próiseas seo go rialta trí thuairiscí ón bPríomh-Fheidhmeannach.

   i. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí oibre féin a shainaithint agus a mheas, agus as dearadh agus forfheidhmiú rialuithe oiriúnacha. Meastar na rioscaí seo ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfaí iad a chomhcheangal le foinsí éagsúla inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear bristí rialúcháin, cur isteach ar na córais faisnéise, tubaiste nádúrtha agus riachtanais rialúcháin.

   ii. Tuairiscíonn an bhainistíocht don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin dhá uair sa mhí faoi shaincheisteanna oibríochta agus rioscaí, agus faoin dóigh a mbainistítear iad. Is é ról na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo, na príomhrioscaí a bhaineann go dlúth le gnó SFAÉ, agus an córas gníomhartha is gá chun rioscaí dá short a bhainistiú, a athbhreithniú thar ceann an Bhoird agus a gcinntí faoi chúrsaí suntasacha a thuairisciú don Bhord tríd an bPríomh-Fheidhmeannach.

   iii. Cuireann an Príomh-Fheidhmeannach, thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin, tuairiscí ar fáil don Bhord maidir le hathruithe suntasacha ar obair SFAÉ, agus ar an gcomhshaol seachtrach a mbeadh tionchar aige ar rioscaí suntasacha. Má aithnítear réimsí den chóras a éilíonn feabhsú, breithníonn an Bord na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.

   iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil ar fáil don Choiste Airgeadais, ar fochoiste de chuid an Bhoird é, mar aon le príomhtháscairí feidhmíochta.

   v. Tá cuíchreat rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn ábhair shainithe a forchoimeádtar le haghaidh fhaomhadh an Bhoird amháin, nó atá tarmligthe ag an mBord le haghaidh fhaomhadh cuí an Fheidhmeannais. Tá bainistiú SFAÉ


ó lá go lá tarmligthe ag an mBord, agus tá teorainneacha cuí caiteachais ceaptha aige don Fheidhmeannas. Tá an Príomh-Fheidhmeannach freagrach as forfheidhmiú na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear na rialuithe inmheánacha airgeadais.

vi. Tríd an bpróiseas thuasluaite, go ginearálta, déantar monatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Ina theanntasan, athbhreithníonn Coiste Iniúchta agus Comhaill an Bhoird sainréimsí rialaithe inmheánaigh mar chuid dá théarmaí tagartha.

4. Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchta agus Comhaill an Bhoird, thar ceann an Bhoird, ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Rinne an Coiste Iniúchta agus Comhaill athbhreithniú foirmeálta ar na córais seo do 2008 ag a gcruinniú ar 10ú Feabhra 2009.

**Ms Maura McGrath**
Cathaoirleach

"D'aithin SFAÉ, nuair a bhí a Plean Straitéiseach reatha á fhorbairt, gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn ár saotharlanna agus a raibh deonacháin á mbailiú ag na clinicí deonacháin, chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí."





# Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh

Is ábhair áthais dom na saincheisteanna agus na gnóthachtálacha móra a tharla le linn 2008 a léiriú. Bliain an-ghnóthach a bhí inti, ach baineann príomhfhócas mo thuairisce le bainistiú athruithe agus leis an dóigh a dtacaítear leis seo i SFAÉ.

B'urfhuascailt mhór eile dúinn gur cheadaigh an Rialtais tógáil an Ionaid Aistriúcháin nua i gCorcaigh. Bhí SFAÉ ag iarraidh maoinithe dó seo leis na blianta, agus ba léiriú ar a thiomantas do SFAÉ gur fhaomhaigh an Rialtas €17m don Ionad seo.

D'aithin SFAÉ, nuair a bhí a Plean Straitéiseach reatha á fhorbairt, gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn ár saotharlanna agus a raibh deonacháin á mbailiú ag na clinicí deonacháin, chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí. Bhí sé éasca an tsaincheist seo a aithint, ach chun na hathruithe riachtanacha a fhorfheidhmiú, bhí orainn a chinntiú go raibh sé d'acmhainn ag an eagraíocht an t-athrú riachtanach a chur i gcrích.

Tugadh faoi seo ar dhá bhealach: na struchtúir bhainistíochta a athbhreithniú, féachaint an raibh siad fóirsteanach don obair agus an raibh na huirlisí riachtanacha ann ag na leibhéil éagsúla bainistíochta chun clár athruithe a bhainistiú. Déileáladh leis an dá shaincheist seo, mar sin, trí struchtúir bhainistíochta leasaithe a fhógairt, mar aon le Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin nua agus tionscnamh cláir oiliúna agus forbartha a bhí ar an gceann ba shuntasaí dar ghlac an eagraíocht leis riamh.

**Struchtúir Bhainistíochta Leasaithe**

Bhí cuma maitríse ar an struchtúr bainistíochta. Ba ghá eagraíocht náisiúnta comhtháite a chruthú, áfach, a raibh a feidhmeanna criticiúla eagraithe ar bhonn náisiúnta. Seoladh an struchtúr i nDeireadh Fómhair tar éis comhairle a ghlacadh leis na príomhdhaoine i dtreis. Bunaíodh an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, freisin, agus is í siúd anois an comhlacht is sinsearaí cinnteoireachta i SFAÉ.

Lamhálfaidh na struchtúir bainistíochta slabhra soláthair níos iomláine, agus aonphointe freagrachta amháin i gcás soláthar fola, feidhmeanna náisiúnta Tástála agus Seirbhísí Othair, agus athstruchtúrú ar an bpróiseas bailithe deonachán. Cruthóidh na hathruithe, freisin, múnla níos fearr do leithdháileadh acmhainní, rud atá an-riachtanach sa mheántéarma, nuair nach bhfuil ach acmhainní srianta ar fáil do SFAÉ.

Glacfaidh sé tamall ar na struchtúir nua athrú suntasach a dhéanamh ar an dóigh ina ndéantar gnó SFAÉ, ach creidim go gcruthófar seirbhís níos cumasaí agus níos éifeachtúla dá mbarr sna blianta beaga atá romhainn.

**Céim Ábhalmhór – Bunathrú**

Chuir SFAÉ shároiliúint ar fáil chun a chinntiú go raibh gach gné de GMP á chomhlíonadh againn. Bhí easnamh i bhforbairt na foirne, áfach, ó thaobh saincheisteanna bainistíochta a láimhseáil, agus níor tugadh sách tosaíochta do réimse na hinniúlachta. Dá thoradhsan, ní raibh an cumas ag gach leibhéal de bhainistíocht na heagraíochta chun athrú suntasach a chur i bhfeidh. Chinn SFAÉ, mar sin, gur ghá mórthionscnamh oiliúna agus forbartha, agus iarradh tairiscintí le haghaidh seirbhísí dá shórt.

# Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh

Bhí sé i gceist go gclúdódh clár dá shórt foireann mhaoirsithe na gclinicí, an mheánbhainistíocht agus an ardbhainistíocht. Aontaíodh, freisin, go gcaithfeadh gnéithe áirithe a bheith sa chlár a nglacfadh lucht na ngrád éagsúil uile leo, má bhí rath le bheith ar an tionscnamh. Ba iadsan, Coinbhleacht, Cumarsáid agus Athrú. Bhí an-rath ar an gclár agus, mar thairbhe breise, bunaíodh gréasán de bhainisteoirí ar fud na heagraíochta. Críochnófar an clár i Meán Fómhair 2009, ach is é an dúshlán is mó atá ann do SFAÉ, conas an t-ábhar foghlamtha uile a neadú i bhfeidhmiú na heagraíochta ó lá go lá. Tá mórchláir athruithe ar bun faoi láthair; go sonrach, athruithe ar ár bpróiseas bailithe deonachán. An fhoireann a bheidh ag forfheidhmiú na n-athruithe seo, fuair siad oiliúint, agus tá na scileanna agus an t-eolas a fuair siad in úsáid cheana lena chinntiú go gcuirfear athrú i gcrích.

Tástálfar na scileanna agus an t-eolas a fuarthas ón gclár seo sna blianta atá romhainn amach, nuair a bheidh ar SFAÉ feidhmiú laistigh de chomhshaol ina mbeidh srian ar acmhainní.

**Dúshláin**

Beidh tionchar mór ag an gcor chun donais san eacnamaíocht dhomhanda ar SFAÉ agus ag a thioncharsan ar eacnamaíocht na hÉireann, agus beidh orainn bheith níos éifeachtaí agus luach breise a sholáthar don airgead a fhaightear don chóras sláinte. Athrú a bheidh anseo ar an gcúig bliana déag d'infheistíocht shubstaintiúil a rinne Rialtas i ndiaidh Rialtais sa tseirbhís fuilaistriúcháin, rud a chiallaíonn go mbeidh an t-athrú seo, trína mbeimid ag feidhmiú le níos lú acmhainní, i bhfad níos deacra.

An fhéidearthacht go gcuirfear tástáil ar fáil le haghaidh vCJD, cruthóidh sí dúshláin shuntasacha don eagraíocht i 2009, má chinntear tástáil dá shórt a fhorfheidhmiú, go háirithe nuair is féidir go mbeidh scagachán príon ar fáil, freisin, lena forfheidhmiú.

Ar deireadh thiar, brathann an tseirbhís shármhaith a sholáthraíonn SFAÉ ar ghairmiúlacht na foirne agus ar an tiomantas a léiríonn siad d'othair agus do chúram deontóirí.

**Andrew Kelly**
Príomh-Fheidhmeannach





# Tuairisc an Stiúrthóra Míochana agus Eolaíochta

Gach bliain tugann na milliúin saorálaí sláinte ar fud an domhain a gcuid fola, plasma agus pláitíní ar son daoine eile. Is iad na daoine eile seo, othair a bhfuil fuil, plasma nó pláitíní de dhíth orthu de thoradh máinliachta, tráma, ailse, mí-orduithe ó bhroinn, nó riochtaí eile a bhfuil caillteanas fola, teip smeara, nó scrios fuilcheall ag baint leo. Ní féidir an cógas fíor-riachtanach seo a fháil go sábháilte cobhsaí ach amháin ó shaorálaithe sláintiúla: bíonn ceannach agus díol fola bainteach i gcónaí le fadhbanna soláthair agus le fadhbanna sábháilteachta ó ghalair ionfhabhtaíochta.

Bíonn idir 30 agus 60 aonad fola an míle duine daonra de dhíth ar fhormhór na dtíortha forbartha. Is dócha gur de thoradh roghanna cliniceoirí seachas cleachtais ar  bhonn fianaise a bhfuil difríochtaí úsáide idir tíortha mar Cheanada, ag an bhfoircheann íseal, agus roinnt tíortha Lochlannacha, ag an bhfoircheann ard. In Éirinn tá ráta aistriúcháin de thart ar 35 aonad in aghaidh 1,000 duine daonra, ar aon dul leis an ráta sa RA agus san Fhrainc. Sa domhan forbraíoch d'fhéadfadh an pictiúr a bheith an-éagsúil, gan mórán seirbhísí fola deonacha in ann soláthairtí cuimsitheacha fola sábháilte a chur ar fáil; go minic bíonn riachtanais na dtíortha seo an-éagsúil, ag léiriú go forleathan seirbhísí bochta máithreachais, maláire nó ionfhabhtaíochtaí eile, ardrátaí tráma, agus an rochtain ar mháinliacht roghnach teoranta.

Toisc go bhfuil gá le mórscála fuilaistriúcháin, tá baol sláinte ann d'othair, nár tuigeadh i gceart roimh na 1970dí agus 1980dí – nochtann fuilaistriúcháin na hothair do riosca na ngalar ionfhabhtach domhanda. Taistealaíonn deontóirí chuig agus ó gach cearn den domhan agus tig leo víris, baictéir agus ionfhabhtaíochtaí eile a thabhairt ar ais leo agus a scaipeadh ina dhiaidh sin trí dheonacháin fola nó fiocháin. Tig leo na hionfhabhtaíochtaí seo a fháil ó bhia, ó ghreimeanna feithidí agus ainmhithe, nó ó dhaoine. Ar an dóigh chéanna, is féidir le deontóirí a thagann abhaile ó thíortha ina bhfuil galair ionfhabhtaíocha eindéimeacha eile, ionfhabhtaíochtaí, a bhíonn suanach iontu féin, a scaipeadh trí fhuilaistriúcháin.

Ní mór do SFAÉ, mar sin, dua mór a chaitheamh ag iarraidh an soláthar fola a choinneáil saor ó ghalair ionfhabhtaíocha. Na galair ionfhabhtaíocha a chuir imní orainn i 2008 (seachas an bhuanmhonatóireacht agus tástáil do shifilis, HIV, Heipitíteas C & B, HTLV I/II, CMV, agus éilliú baictéireach pláitíní), ba iad sin vCJD (Éire, RA, mór-roinn na hEorpa), víreas na Níle Thiar (Meiriceá Thuaidh, Iosrael agus an Ungáir), víreas Chikungunya (Aigéan na hIndia, an Iodáil Thoir-Thuaidh), T. Cruzi (Meiriceá Theas agus Láir, an Spáinn agus SAM), Maláire & fiabhras Dengue (ceantair trópaiceacha ar fud an domhain) fiabhras na Crimé/an Chongó (An Tuirc Thoir), fiabras Q (An Ísiltír), víreas limfeacóirimeinigíteas (SAM) agus Parvaivíreas 4 (ar fud an domhain). Ba réimsí buartha, freisin, iad eipidéimí áitiúla plucamais in Éirinn agus bagairt an fhliúvíris H5N1.

Pléimid leis na bagairtí seo ar bhealaí éagsúla. Déantar faireachas in Éirinn agus ar fud an domhain trí líonraí áitiúla agus domhanda i réimsí ar nós an fhuilaistriúcháin, na ngalar ionfhabhtaíoch, agus na sláinte domhanda. Cuireann an córas náisiúnta haemafhaireachais leis an ngníomhaíocht leanúnach seo trí mhonatóireacht a dhéanamh ar aistriúcháin uile na tíre, chun teagmhais dhíobhálacha gan choinne a aimsiú agus na sonraí a chomhordú go lárnach. Déanaimid tástáil gach seachtain ar 3,000 deonachán le haghaidh HIV, Heipitíteas B & C

## Tuairisc an Stiúrthóra Míochana agus Eolaíochta

agus Sifilise, rud a thugann mionfhuinneog íogair nuashonraithe dúinn ar threochtaí agus ar athruithe nua sna hionfhabhtaíochtaí seo in Éirinn. Cuirtear gach toradh dearfach in iúl go gasta don deontóir, agus sainaithnítear foinse na hionfhabhtaíochta nuair is féidir.

Má tharlaíonn ionfhabhtaíocht nua, nó má bhíonn ceantar nua den domhan faoi bhaol ionfhabhtaíochta, athraímid ár mbeartais maidir le hiarchur deontóirí, mar fhreagra air seo. Déantar sin de ghnáth trí na deontóirí féideartha a thug cuairt ar na ceantair i gceist a chur siar go mbíonn an tréimhse baoil thart. Mar shampla, iarchuirtear deonacháin ó thurasóirí chuig SAM, Ceanada, Meicseacó agus na réigiúin tropaiceacha uile ar feadh tréimhsí ama éagsúla ar filleadh dóibh. De ghnáth maireann na tréimhsí iarchuir seo ó sheachtainí go míonna, ach is féidir le cuid acu a bheith i bhfad níos faide – tá áitritheoirí na RA agus Thuaisceart Éireann iarchurtha ar feadh tréimhse éiginnte de bharr baoil CJD athraithaigh.

Is baol anaithnid ach fós tromaí ó thaobh shábháilteacht an fhuilaistrithe de vCJD. An fáth a gcuirimid bac ar líon mór daoine atá incháilithe le fuil a dheonadh ná, gur chaith siad tréimhse charnach de bhreis agus bliain sa RA, lena áirítear Tuaisceart Éireann, Oileán Mhanainn agus Oileáin Mhuir nIocht. Iarchuirimid, freisin, daoine a fuair fuilaistrithe san am atá caite. Ina theanntasan, iomportálaimid plasma le haghaidh aistriúchán ó SAM, mar a bhfuil an baol go n-iompróidh deontóir ionfhabhtaíocht de vCJD na mílte uaire níos lú ná in Éirinn.

Mar chuid dá seasamh in aghaidh bhagairt na ngalar ionfhabhtaíocha, féachann SFAÉ, freisin, leis na teicneolaíochtaí nua le haghaidh sábháilteacht fola a thionscnamh de réir mar a fhorbraítear iad; le linn 2008 thosaíomar an próiseas chun an chéad ghlúin eile de threalamh ardtástála fola a thionscnamh: tastáil deonacháin aonair le haghaidh víreas in áit na tástála comhthiomsaithe atá in úsáid faoi láthair. Is ionann an scagthástáil nuálach éilitheach seo agus an 'soiltheach naofa' tástála do HIV, Heipitíteas C agus Heipitíteas B, óir tugann sé an leibhéal is airde cruinnis tástála. Cuirfear tús leis mar úsáid ghnáthaimh i 2009.

Tá scagthástálacha le haghaidh vCJD i ndeontóirí fola á bhforbairt anois. Go nuige seo níor thángthas ar aon tástáil a bhí íogair go leor chun an ionfhabhtaíocht dho-ghabhála seo a bhrath sa chéim réamhchliniciúil do dheontóirí fola, ach coinneofar súil ghéar ar an réimse seo le linn 2009.

Le linn 2008, reáchtáil Ospidéal Ollscoil Chorcaí triail shábháilteachta ar scagaire fola nua a bhí saincheaptha chun gníomhaire ionfhabhtaíoch an vCJD, cineál de phróitéin seachránach ar a dtugtar príonphróitéin, a bhaint as aistrithe deargfhola. Ba é an staidéar seo an chéad cheann dá shórt ar domhan. Thug sé le fios go raibh úsáid an scagaire sábháilte i gcás othar a raibh aistrithe deargfhola de dhíth orthu, agus cuirfear leis na staidéir seo agus críochnófar iad i 2009.

**Dr William Murphy**
Stiúrthóir Míochaine & Eolaíochta
MD, FRCPEdin, FRCPath

# Oibríochtaí

### Suíomh Gréasáin

I Meitheamh 2008, seoladh suíomh gréasáin nua do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, www.giveblood.ie. Rinneadh meánlíon de 12,000 tadhall leis an suíomh nua in aghaidh na míosa agus ba iad an quiz cáilitheachta agus clinicí na leathanaigh is mó a tadhlaíodh. I measc na ngné-alt nua bhí scéalta ó dheontóirí agus ó fhaighteoirí, an soláthar fola reatha de réir fuilghrúpa agus na laethanta a raibh sin ar fáil, léarscáiliú Google chun clinicí ar fud na tíre a aimsiú, agus áiseanna chun an fhuilmhóibil a chur in áirithe, léirithe corparáide agus scoile, agus aiseolas ar ghnéithe éagsúla den tseirbhís.

### Seachtain na Fola Saoil

Reáchtáladh Seachtain na Fola Saoil i Meán Fómhair, ag tosú le siút grianghraif leis an Taoiseach Brian Cowan. Bhí searmanais bronnta dámhachtainí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, le h Ambasadóir SFAÉ Sharon Ní Bheoláin agus Ard-Mhéara Chorcaí i láthair. Thug Today FM agus TV3, ár bpríomhpháirtithe sna meáin, tacaíocht don tseachtain agus d'éascaigh siad craoladh seachtrach ar Fhaiche Stiabhna ina raibh agallaimh bheo le baill foirne, deontóirí agus faighteoirí.

### Lá Domhanda na nDeontóirí Fola

Ar 14ú Meitheamh, d'óstáil an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa ceiliúradh an-suntasach chun Lá Domhanda na nDeontóirí Fola a shonrú in Áras an Uachtarán. Léiríodh 'turas na fola' ag aíonna an lae, ar a raibh deontóirí, lianna, foireann SFAÉ, saorálaithe agus faighteoirí fola as gach cearn d'Éirinn.

### Fógraíocht

Roghnaíodh soláthróir fógraíochta nua tar éis tairiscint a bheith faighte, agus tá athruithe suntasacha déanta acusan ar an mbranda 'giveblood' ó ceapadh iad, ag tionscnamh natha nua agus sraith luachanna tábhachtacha don bhranda 'giveblood'. Forbraíodh seo trí na phríomh-mheáin uile: TF, raidió, preas, meáin sheachtracha, post ar líne agus post díreach.






Oibríochtaí



**Seirbhísí Ospidéil**
Is é roinn na seirbhísí ospidéil an nasc riachtanach sa slabhra soláthair idir ospidéil agus SFAÉ, agus tá siad lonnaithe sa LNF agus in Ionad Chorcaí. Tá an bhuíon seo freagrach as leithdháileadh sábháilte cobhsaí na dtáirgí uile a scaoiltear chun othair a chóireáil.

**Próiseáil Comhpháirteanna**
Le críochnú chaibidlí an Chomhaontaithe Saotharlainne agus le forfheidhmiú na n-athruithe ar uainchláir agus chleachtais oibre, cuireadh go mór le bliain ghnóthach eachtrúil sa tsaotharlann próiseála comhpháirteanna ag an Lárionad Náisiúnta Fola. Tionscnaíodh uainchláir 7am go 7pm, agus cuireadh deireadh go héifeachtach le ragobair ar laethanta seachtaine. Ina theanntasan, forfheidhmíodh uainchláir ar dualgas don tréimhse 7am go 7pm gach lá agus don 48 uair ag deirí seachtaine. D'fhostaigh an tsaotharlann tuilleadh Cúntóirí Saotharlainne a bhreisoileadh chun an chuid is mó de ghnéithe próiseála na gcomhpháirteanna a dhéanamh.

D'éirigh linn dualgais bhreise a thionscnamh sa tsaotharlann seo, freisin, lena n-áirítear lipéadú táirgí deiridh, agus eisiúint pláitíní, deargcheall ionradaithe agus deargcheall feinitípeáilte.

## FUIL AGUS TÁIRGÍ FOLA A EISÍODH


| Táirge | 2008 | 2007 | 2006 |
|---|---|---|---|
| Deargchealla & Lánfhuil | 141,364 | 140,089 | 138,540 |
| Pláitíní – Dáileoga Teiripeacha | 24,415 | 22,123 | 20,355 |
| Plasma Reoite | 474 | 639 | 707 |
| Octaplas | 23,856 | 22,478 | 25,425 |
| Plasma Crió-ídithe | - | - | 1,143 |
| Crióidheascán | 2,717 | 2,429 | 1,984 |
| Fachtóir VIIA (xIU) | 276,120 | 526,260 | 519,600 |
| Frith-Throimbin III (x IU) | 1,500 | 2,500 | 48,376 |
| Athchuingreach d'Fhachtóir VIII (x IU) | 30,521,500 | 25,491,000 | 22,641,750 |
| Fachtóir Von Willebrand (x IU) | 752,000 | 1,303,000 | 478,500 |
| Athchuingreach d'Fhachtóir IX (xIU) | 10,486,500 | 9,198,800 | 8,570,370 |
| Prótroimpléasc (x IU) | 480,600 | 520,200 | 537,600 |
| Fachtóir XIII | 4,000 | 6,000 | 7,500 |

# Staitisticí Deontóra


**Tháinig méadú de thar 3,100 ar dheonacháin lánfhola i 2008 agus thug beagnach 700 deontóirí breise fuil le linn na bliana. Tháinig méadú beag ar mhinicíocht na ndeonachán in aghaidh deontóra, agus is ionann é anois agus beagnach dhá cheann an duine gach bliain.**

- Thug níos mó daoine 28 bliain d’aois fuil ná aon aoisghrúpa eile
- Thug 562 deontóir breise 2 deonachán in ’08 ná thug siad in ’07
- Thug 782 deontóir breise 3 deonachán in ’08 ná thug siad in ’07
- D’fhan 6 den 10 clinic ab fhearr mar an gcéanna le 2007
- Bhí ‘méadú’ níos mó ar dheontóirí B+ ná ar aon fhuilghrúpa eile
- Tháinig ‘méadú 195, go díreach, ar dheontóirí 0– i 2008

**DEONTÓIRÍ 2007 VS 2008**





**DEONACHÁIN LÁNFHOLA 2007 VS 2008**




## Staitisticí Deontóra

### DEONACHÁIN LÁNFHOLA 01 EAN '08 – 31 NOL '08





### DEONACHÁN AN 10 CLINIC IS FEARR




# Staitisticí Deontóra


## DEONTÓIR DE RÉIR INSCNE





## DEONTÓIR DE RÉIR AOISE




## DEONTÓIR DE RÉIR FUILGHRÚPA



"Soláthraíonn an tsaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN), atá lonnaithe san LNF, teicneolaíocht cheannródaíoch do na cleachtais fhuilscagtha reatha, trí ardteicneolaíocht tástála Aigéid Núicléasaigh a chomhcheangail le córas uathúil aonfheadáin."



# Tástáil

## Saotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh

Soláthraíonn an tsaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN) atá lonnaithe san NBC, teicneolaíocht cheannródaíoch do na cleachtais fhuilscagtha reatha, trí ardteicneolaíocht tástála Aigéid Núicléasaigh a chomhcheangail le córas uathúil aonfheadáin. Saincheapadh na teicneolaíochtaí scagthástála reatha chun antashubstaintí in aghaidh víris nó aintiginí dromchlacha a aimsiú. Ach fágann na táscairí ionfhabhtaíochta seo mionriosca iarmhartach de tharchur galair. Aimsíonn TAN leibhéil an-ísle RNA víreasach nach mbeadh inaimsithe, b'fhéidir, leis na measúnachtaí séireolaíochta reatha, le linn na gcéimeanna an-luatha ionfhabhtaíochta.

Tástálann saotharlann TAN gach deonachán le cabhair Measúnacht Chiron Procleix HIV-1/HCV. Is córas measúnachta cáilíochtúil in vitro é seo chun aigéid núicléasaigh a thástáil agus easpa Imdhíonachta Daonna tíop 1 agus/nó víreas Heipitíteas C RNA a aimsiú i bplasma daonna. Tá an mheasúnacht seo an-íogair agus sainiúil i gcás aigéid núicléasaigh víreasacha, agus tá sí in ann ionfhabhtaíocht a aimsiú níos luaithe ná na modhanna scagtha eile, rud a laghdaíonn an idirthréimhse.

Tá an tsaotharlann TAN faoi láthair ag bailíochtú an chláir Tigris atá le húsáid i 2009 i gcomhar le measúnacht Ultrio. Is córas iata lán-uathoibrithe é seo chun tástáil TAN a dhéanamh leis an measúnacht Procleix Ultrio. Aimseoidh an mheasúnacht Chiron Procleix Ultrio DNA le víreas Heipitíteas B maraon leis an Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna tíop 1 agus/nó le víreas Heipitíteas C RNA i bplasma daonna. Soláthraíonn an ionstraim bainistiú fardail, agus tá raon leathan rialuithe próisis insuite ann, mar chabhair chun comhlíonadh cGMP a chinntiú.

Coinnítear sampla cartlainne de na deonacháin uile. Tá sé fíorthábhachtach go gcoscfaí traséilliú laistigh den tsaotharlann féin agus, freisin, idir samplaí próiseáilte, le go mbeidh rath ar thástáil TAN.

Tástáladh sa tsaotharlann gach deonachán a bailíodh i 2008, agus níor ghá aon leas a bhaint as an bplean tástála teagmhasach atá ag SFAÉ le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban. Tá saotharlann TAN páirteach in dhá chlár oilteachta, ceann amháin a scaip an National Institute for Biological Standards and Controls sa RA, agus an dara ceann ag an National Serological Reference Laboratory, (NRL na hAstráile).

Tá saotharlann TAN páirteach, freisin, i gclár QA (EDC.net) a sholáthraíonn NRL na hAstráile agus a bhfuil meas ceannródaí domhanda air. Is Lárionad Comhair den WHO é NRL, agus soláthraíonn a chláir um Dhearbhú Cáilíochta meicníocht a chuireann ar chumas na saotharlanna monatóireacht laethúil a dhéanamh ar cháilíocht a gcuid próiseas tástála.

Tástáil

## Saotharlanna Víreolaíochta

Faigheann na saotharlanna Víreolaíochta, ó gach deontóir, sampla de shéiream téachta a ghlactar ag am an deonacháin. Sainaithnítear an sampla le barrachód uathúil ag am an deonacháin. Tástáiltear an sampla le haghaidh láithreacht sainmharcóirí víreasacha/micribhitheolaíocha atá in-tarchurtha trí fhuilaistriúchán. Tástáladh níos mó ná 160,000 deonachán i 2008.

Úsáidtear trealamh atá comhoiriúnach leis an cGMP (dea-chleachtas déantúsaíochta) is déanaí chun na tástálacha seo a dhéanamh. Nuair a bhíonn gach tástáil críochnaithe agus má fhaightear torthaí sásúla uathu, pasáiltear an t-aonad agus cuirtear lipéad chun eisithe air, ar acht go bhfaightear diúltach, freisin, é i dTástáil Aigéid Núicléasaigh.

Déantar na tástálacha séireolaíocht seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad éigeantach i gcás gach deonacháin:

- aintigin dhromchlach Heipitíteas B (HBsAg) agus antashubstaint do chroí Heipitíteas B
- antashubstaint do Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna 1/2
- antashubstaint do Víreas Heipitíteas C
- antashubstaint do Víreas T-Limfeatrópach Daonna 1 & 2
- antashubstaint do Víreas Treponema Pallidum, an gníomhaire cúiseach i gcás Sifilise

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíreas (CMV) chun go mbeidh soláthair de dheonacháin dhiúltacha Citimeigilivíreas ar fáil do na hothair a bhfuil sé de dhíth orthu, e.g. othair imdhíonacht-amhrasta. Stóráiltear sampla de shíream reoite (sampla cartlainne) as gach deonachán, freisin.

Chomh maith le seo, déanann an tsaotharlann scagthástálacha le haghaidh marcóirí víreasacha do na ranna éagsúla i SFAÉ, lena n-áirítear deontóirí smeara, deontóirí gaschille, deontóirí croíchomhla agus samplaí ó na cláir thástála chun faighteoirí a rianadh.

Cinntítear cáilíocht an chórais tástála trí chaighdeáin an 'National Institute of Biological Standards and Control UK' a úsáid, mar rialuithe 'gluais/stad' i ngach cúrsa tástála. Cinntíonn sin go bhfuil an trealamh ag feidhmiú ar an gcaighdeán is airde. Glacann an tsaotharlann páirt i gclár monatóireachta a ligeann do SFAÉ a dtorthaí a chur i gcomparáid le cinn sna hIonaid Fola sa RA.

Tá na saotharlanna páirteach, freisin, i gclár faireachais a reáchtálann an tSeirbhís Náisiúnta Fola/an Ghníomhaireacht Chosanta Sláinte. Déantar monatóireacht ar na rátaí imoibrithe le trealamh a thástáil, ag úsáid beartuimhreacha imoibrithe leis an Údarás Náisiúnta Fola. Gintear tuairisc fhógartha a mhionsonraíonn feidhmíocht measúnachta agus treochtaí na rátaí imoibrithe.

Glacann na saotharlanna Víreolaíochta páirt in dhá clár oilteachta, ceann a scaipeann an National Institute for Biological Standards and Control sa RA agus ceann eile ag VQC-Acrometrix i gcomhar leis an National Serology Reference Laboratory (NRL na hAstráile).

Tástáil

## Diagnóisic

Cuireann na saotharlanna diagnóisice in Ionad Bhaile Átha Cliath agus in Ionad Chorcaí seirbhísí imdhíon-haemaiteolaíocht clinice agus saotharlainne ar fáil a chuimsíonn séireolaíocht gnáthaimh, seirbhísí tagartha, ionradaíocht agus ullmhú éigeandála na gcomhpháirteanna fola d'ospidéil ar bhonn 24/7. Imscrúdaíonn na saotharlanna diagnóisice, freisin, frithghníomhartha amhrasta fuilaistrithe i ngach ospidéal a sholáthraímid seirbhísí comhoiriúnachta dóibh.

Le linn 2008 ba iad seo a leanas seirbhísí na saotharlanna diagnóisice:

- Tarchuireadh 8,300 sampla chuig na saotharlanna, rinneadh tástáil comhoiriúnachta ar 3,550 sampla, agus eisíodh 8,500 ullmhóid deargcheall comhfhreagrach.
- Rinneadh 2,090 imscrúdú antashubstainte.
- Fuarthas 588 sampla tagartha ó ospidéil ina raibh bainc fola. D'éiligh siad seo saineolas agus taithí chun antashubstaintí neamhghnácha a imscrúdú agus a shainaithint agus chun imscrúduithe eile a dhéanamh.
- Dearbhaíodh go raibh feinitíopaí Rh ag 685 othar agus rinneadh 12,200 tástáil tíopála antaigine bhreise.
- Rinneadh 2,625 tástáil dhíreach frithghlóbailin.
- Rinneadh scagadh antaigine ar ullmhóidí deargcheall.
- Ionradaíodh comhpháirteanna deargcheall sna saotharlanna diagnóisice.
- Imscrúdaíodh frithghníomhartha fuilaistrithe haemalaíocha amhrasta.
- Coscadh HDN trí ghnáth-scagthástáil réamhbhreithe ar thoirchis faoi phriacal. Cuimsíonn seo cainníochtú Frith-D agus toirtmheascadh antashubstaintí atá suntasach go cliniciúil.
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith do thoirchis faoi phriacal.
- Comhairle saineolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil.

Thionscain na saotharlanna diagnóisice córas rianaithe "Bag and Tag" don SFAÉ, chun inrianaitheacht comhpháirteanna fola a chinntiú de réir rialúcháin na hEorpa agus na hÉireann. Tá Lámhleabhar an Úsáideora ar fáil ar ár suíomh gréasán – www.giveblood.ie.

Cuireadh athródú ullmhóidí deargcheall i ngníomh athuair, mar bheart le húsáid optamach a bhaint as comhpháirteanna deargcheall chun dáta, laistigh de Chathair Chorcaí, agus le deachmaíocht a sheachaint. Le linn 2008 aistríodh 667 comhpháirt dheargcheall nár úsáideadh go cliniciúil in Ospidéal Ortaipéideach Mhuire agus Ospidéal Ollscoile Victoria na hOtharlainne Theas, chuig Banc Fola Ospidéal Ollscoil Chorcaí. Úsáideadh 652 (98%) acu seo ina dhiaidh sin go cliniciúil in OOC. Le linn 2009, síneofar an clár seo chuig Ospidéal Ollscoil na Trócaire.

Beidh "Lámhleabhar Úsáideora" ar fáil ó na saotharlanna diagnóisice trí www.giveblood.ie sa chéad ráithe de 2009. Tá sé beartaithe Suirbhé ar Shástacht Úsáideoirí Diagnóisice a reáchtáil i 2009, chun teacht ar réimsí suntasacha de sheirbhís na saotharlainne a bhfuil feabhsú agus forbairt de dhíth orthu.

## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíon-ghéineolaíocht (NHIRL)

Soláthraíonn an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíon-ghéineolaíocht (NHIRL) raon cuimsitheach seirbhísí tástála clinice a saincheapadh chun taca a thabhairt do na cláir aistriúcháin gaschille allaighéinéiche haemaiteapóití (HSCT) in Ospidéal Nmh. Séamas agus in Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn. Chinneann an tsaotharlann tíopa antaigin leocaicíte daonna (HLA) gach othair agus deontóra roimh thrasphlandú, mar chuidiú chun deontóirí a roghnú. Modhanna móilíneacha amháin a úsáideann an tsaotharlann, bunaithe ar an imoibriú slabhrúil polaiméaráisc (PCR), chun na géinte a chódaíonn na móilíní HLA a shainiú. Tig leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a fheidhmiú, a dhéanann idirdhealú idir ailléilí ar leith de na géinte HLA. Soláthraíonn an NHIRL seirbhís thacaíochta imdhíon-ghéineolaíochta do Chlárlann Smior Neamhghaolmhar agus Pláitíní na hÉireann (IUBMR), agus gnáthsheirbhís thíopála HLA galarghaolmhar. Rinne NHIRL roinnt staidéar i gcomhar le hospidéil in Éirinn chun ról na ngéinte HLA i so-ghabháltacht galair a léiriú. Go háirithe, d'fhoilsigh an tsaotharlann a torthaí maidir le Scléaróis Iolrach agus Heipitíteas C. I 2008 d'fhoilsigh an NHIRL minicíocht na n-ailléilí agus na n-aplaitíopaí HLA-A, B, Cw, DRB1, DQB1 agus DPB1 i ndaonra na hÉireann, san International Journal of Immunogenetics.

Ina theanntasan, soláthraítear seirbhís imdhíonacht phláitíní, freisin, chun imscrúdú séireolaíochta a dhéanamh ar thrombaicítipéina alla-imdhíonach réamhbhreithe (NAITP), corcra iaraistrithe (PTP), teasfhulangacht pláitíní, trombaicítipéinte alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha díobhálacha fuilaistrithe. Tá clár fairsing um dhearbhú cáilíochta ag an tsaotharlann, freisin, lena n-áirítear rannpháirt i gcláir tástála oilteachta, idir inmheánach agus seachtrach, le haghaidh tíopáil HLA, geinitíopáil HPA agus imscrúduithe ar antashubstaintí HLA/HPA. Chreidiúnaigh Cónaidhm Géineolaíocht Imdhíonach na hEorpa (EFI) an NHIRL don chéad uair i 2001.

I 2008 tháinig méadú 17.9% ar líon na samplaí a tarchuireadh chuig an tsaotharlann le haghaidh tástála sa 12 mí roimhe sin, agus bhí méadú 33% orthu ó 2006. Chinntigh an chlinic phláitíní méadú suntasach ar líon na ndeontóirí le haghaidh feinitíopáil HPA agus tíopáil HLA-A agus B, d'fhonn táirgeacht optamach pláitíní a chinntiú do na hospidéil. Tháinig ardú substaintiúil, freisin, ar líon na ndeontóirí saorálacha ar an gclárlann smeara i 2008. Tá méadú leanúnach tagtha ar thíopáil HLA chun gaolmhaireacht galair a thástáil agus is ionann anois é agus beagnach 40% de na samplaí saotharlainne, i gcomparáid le 2005, nuair is 20% a bhí ann. I 2008 lean treocht in airde an ghá atá le tíopáil HLA ar leibhéal ailléileach, d'othair agus do dheontóirí neamhghaolmhara le haghaidh HSCT. Tá méadú de 78% anois ar líon iomlán na samplaí a tarchuireadh chuig an NHIRL ó 1999 le haghaidh tástála.

Tástáil

## Uathghrúpáil Deontóirí

Déantar uathghrúpáil deontóirí sa LNF agus in Ionad Chorcaí, agus táthar i gcónaí ag iarraidh na teicnící tástála is nuashonraithe a thionscnamh, agus an oiread antaiginí deargcheall is féidir a thíopáil mar ghnáthamh a fhorbairt. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn na tástálacha seo sábháilteacht na dtáirgí deargcheall, ach méadaíonn siad, freisin, éifeacht sholáthar na ndeargcheall ó fheinitíopaí annamha nó coimpléascacha, mar fhreagra ar shainiarratais na n-ospidéal.

I 2008 tástáladh thar 165,000 deonachán, agus éilíonn gach aonad deargcheall tástálacha éigeantacha áirithe sular féidir iad a scaoileadh le haghaidh eisiúna. Cuimsíonn siad seo tíopaí ABO & RhD agus scagadh le haghaidh antashubstaintí neamhrialta.


Déantar gach aonad deargcheall a thíopáil mar ghnáthamh anois d'antaigin Kell, chun laghdú a dhéanamh ar líon na mban in aois breith clainne atá spreagtha chun aonaid dheagcheall Frith-K iarraistrithe a tháirgeadh. Laghdóidh seo, freisin, an líon cásanna de Ghalar Haemalaíoch na Naíonán Nuabhreithe (HDNB) de bharr Frith-Kell.

Faigheann thar 70% de dheontóirí feinitíop iomlán Rh (tíop C, c, E, e) gach uair a dheonann siad, agus téann céatadán acu seo le haghaidh breis scagtha antaigine nó tíopála. Bíonn na deonacháin seo ar fáil ansin le heisiúint d'othair arb eol gur tháirg siad antashubstaintí deargcheall iolracha.

I rith na bliana seo caite cuireadh aonaid deargcheall ar fáil i roinnt cásanna ina mbeadh minicíocht an chineáil sin cille níos lú ná 1 in aghaidh 1000 sa phobal deontóirí. I dtéarmaí iarbhír, ciallaíonn seo dá ndéanfaí gach deonachán a thíopáil, nach mbeadh ach 3 deonachán gach seachtain oiriúnach do chásanna dá shórt. Ar an taobh eile de, le tíopáil roghnaitheach agus dea-bhainistiú stoic, is féidir i mbunús na gcásanna aonaid a sholáthar as stoc reatha, mar eisiúint éigeandála.

Is iad na hanailíseoirí tíopála fola reatha atá in úsáid ag an LNF, an Olympus PK7200, a tugadh isteach i 2000 agus nach bhfuil á dtáirgeadh níos mó. Ós rud é go ndéanann na hinnill seo bunús na dtíopálacha fola, tá sé beartaithe iad a uasghrádú sa neastodhchaí. In Ionad Chorcaí úsáidtear an Galileo a tugadh isteach i 2004.

"Bailíonn an ONH SAEs a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht fola, rud atá éigeantach faoi Threoir Fola 2002/98/CE an AE, agus SAEs neamhéigeantacha, ar a dtugtar an Chomhpháirt Fola Mhícheart Aistrithe (IBCT), a bhaineann le hearráidí sna réimsí cliniciúla agus atá intuairiscthe faoi fhreagracht ghairmiúil."



# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais

In ocht mbliana oibriúcháin di (2000 – 2007), tuairiscíodh 1,570 frithghníomh/teagmhas trom díobhálach aistrithe don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH).

**Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEs) agus Comhpháirt Fola Mhícheart Aistrithe (IBCT)**
Bailíonn an ONH SAEs a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht fola, rud atá éigeantach faoi Threoir Fola 2002/98/CE an AE, agus SAEs neamhéigeantacha, ar a dtugtar an Chomhpháirt Fola Mhícheart Aistrithe (IBCT), a bhaineann le hearráidí sna réimsí cliniciúla agus atá intuairiscthe faoi fhreagracht ghairmiúil. Tuairiscíodh 115 IBCT/SAEs in iomlán i 2007, rud ab ionann agus 52% de na teagmhais uile (115 de 222). Ba theagmhais éigeantacha SAE tríocha a dó acu seo (34%).

### TUAIRISCÍ FORCHÉIMNITHE AG ONH, L = 115

| Tuairiscí faighte i gCatagóirí na dTeagmhas Díobhálach Éigeantachagus Neamh-Éigeantach | | | |
|---|---|---|---|
| Intuairiscthe faoi Threoir an AE | | | |
| | Tá (SAE) | Níl (IBCT) | Iomlán |
| Comhpháirteanna | 32 | 63 | 95 |
| Táirgí | 0 | 20 | 20 |

**Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARs)**
I 2007, ghlac an ONH le 107 SAR. Bhí a mbunús i gcatagóirí na bhFrithghníomhartha Ailléirgeacha Anaifiolachtacha Géara Fuilaistrithe, agus na bhFrithghníomhartha Neamh-haemalaíocha Fiabhrasacha Fuilaistrithe.

Tuairiscíodh ocht gcás d’Ionfhabhtaíocht Aistriú-tharchurtha Amhrasta (STTI). Arna imscrúdú, ní dheachaigh ceithre chás (trí cinn baictéarach agus ceann víreasach) ar aghaidh. Cuireadh ionfhabhtaíocht aistriú-tharchurtha as an áireamh, nó measadh gur mhídhóchúil é, i dtrí chás eile, agus sa chás deiridh measadh STTI a bheith mídhóchúil ach féideartha, i gcás éillithe bhaictéaraigh a bhain le deargchealla.

**Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Throma Dhíobhálacha (ANSARE)**
Ó 2007 i leith ba ghá d’ospidéil a dhéanann fuilaistriúchán, foirm ANSARE a chomhlánú chun iarscríbhinn IID agus IIIC de Theoir Choimisiúin 2005/61/CE a chomhlíonadh. In Eanáir 2008 eisíodh an fhoirm ANSARE chuig 84 ionad tuairiscthe (82 ospidéal agus dhá ionad soláthair), do bhliain thuairiscthe 2007, agus bhí d’iallach orthu an fhoirm a aischur chuig an ONH faoi Aoine an 14ú Márta 2008. Thuairiscigh fiche a cúig (30%) suíomh SAR amháin nó níos mó agus thuairiscigh naoi (11%) suíomh SAE amháin nó níos mó. Thuairiscigh aon suíomh déag (13%) SAR agus SAE, agus chuir 39 (46%) eile in iúl nár thuairiscigh siad aon SAR nó SAE i 2007. Ní chruinníonn foirm ANSARE, áfach, teagmhais chliniciúla IBCT neamh-éigeantacha. B’ionann iad seo agus 37% d’iomlán na dtuairiscí a d’anailísigh an ONH i 2007, agus mar sin de gannmheasann torthaí ANSARE an ráta tuairiscthe foriomlán.

# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais

## 7ú Comhdháil ONH/SFAÉ

Reachtáladh 7ú Comhdháil ONH/SFAÉ faoi "Haemafhaireachas - Tacú le Cleachtas Fuilaistrithe d'Ardchaighdeán" i Luimneach i nDeireadh Fómhair.

Cuimsigh na príomhábair, Crosmheaitseáil Leictreonach, Rioscaí Aistrithe Péidiatraice, Inrianaitheacht agus treoirlínte d'Aistrithe Ollmhóra agus do Fhrith-D.

Tugadh nuashonraí do na toscairí faoi riachtanais Rialuithe, agus léiríodh iad le sleachta as Tuarascáil Bhliantúil 2007 an ONH maidir le Frithghníomhartha Troma Díobhálacha agus Teagmhais Throma Dhíobhálacha (Earráidí clinice agus saotharlainne). Dhírigh an Chomhdháil, freisin, ar thionscnaimh oideachais agus ar an gcreat measúnaithe inniúlachtaí a forbraíodh i gcomhar le hOifigigh Haemafhaireachais a bhí lonnaithe sna hospidéil.

Bhí an ócáid seo oscailte do chách a raibh spéis acu i sábháilteacht haemafhaireachais agus fuilaistrithe, agus d'éirigh go breá léi, le breis agus 170 toscaire i láthair chun cainteoirí ó ghníomhaireachtaí agus ionaid éagsúla in Éirinn agus thar sáile a chloisint.

## R-Fhoghlaim

Táthar ag leanúint leis an gclár r-fhoghlama a d'fhorbair an Grúpa um Úsáid Éifeachtach Fola i Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban. Tugann r-Fhoghlaim deis uathúil dóibhsean atá páirteach i bpróiseas an aistrithe, nuashonruithe dea-chleachtais a fhoghlaim ar a gcaoithiúlacht féin. Reáchtáladh tionscadal píolótach i gcúig ospidéal ó Mheán Fómhair 2007 go Feabhra 2008. Úsáideadh torthaí an tionscadail phíolótaigh seo chun clár oiliúna r-fhoghlama a fhorbairt agus tosaíodh ar é a rolladh amach chuig ospidéil na hÉireann i Meán Fómhair 2008.

## Tionscnaimh Oideachas Haemafhaireachais ag DCU

Tairgeann an ONH i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ar bhonn leanúnach, rogha-mhodúil fhorbartha ghairmiúla agus dámhachtainí iarchéime dírithe ar fhoireann chlinice agus shaotharlainne i ndeonadh fola agus i bhfuilaistriúchán.

I mbliana seachadadh trí mhodúil leibhéal 3 (Céime):

- Fuildheonú agus Fuilaistriúchán (NS447)
- Cleachtas Haemafhaireachais (NS448)
- Forbairt Ghairmiúil do Shainchleachtóirí (NS449)

D'fhreastail cúig mhac léinn déag ar an gcéad mhodúl a reáchtáladh i nDeireadh Fómhair 2008, agus a measadh a bheith cuiditheach dá bhforbairt ghairmiúil. Chuir fiche a seacht mac léinn isteach ar an dá mhodúl eile a chríochnú.

Bhain an ONH creidiúint amach do dhá mhodúl bhreise ag Leibhéal 9 (iarchéime), atá ar fáil mar mhodúil fhorbartha ghairmiúla neamhspleácha nó mar chuid de chlár dioplóma céimí. Tairgeann sé deis do mhic léinn a gcuid eolais, scileanna agus inniúlachtaí a chur ar aghaidh ina rogharéimse cliniciúil, agus dul chun cinn a dhéanamh chun MSc a bhaint amach in Altranas nó i gCleachtas Cúram Sláinte.

# Seirbhísí Breise

## Seirbhís Aifiréise Teiripí

Soláthraíonn an tSeirbhís Aifiréise Teiripí cóireálacha aifiréise teiripí d'ospidéil Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Is seirbhís ar bhonn éilimh í, agus tugtar na cóireálacha uile cois leapa an othair le cabhair trealaimh aifiréise shoghluaiste.

Tá haemaiteolaí comhairleach ón SFAÉ i gceannas na seirbhíse, agus bainistíonn agus riarann sainfhoireann mhíochaine na cóireálacha le cabhair altraí aifiréise teiripí a traenáladh go speisialta.

Soláthraítear an tseirbhís go háirithe d'othair Néireolaíochta, Haemaiteolaíochta agus Neifreolaíochta a mbeadh Malartú Plasma, Ídiú Báncheall, Malartú Deargcheall, Ídiú Deargcheall nó Ídiú Pláitíní de dhíth orthu le haghaidh riochtanna míochana éagsúla.

### Cásualach

Rinneadh 504 gnáthamh in iomlán i 2008, méadú 77 ón mbliain roimhe sin. Cé gur Mhalartú Plasma a bhí i mbunús na ngnáthamh, bhí méadú ar líon na ngnáthamh d'Ídiú Báncheall.

### GNÁTHAIMH DE RÉIR OSPIDÉIL

| Ospidéal | Líon Cásanna |
|---|---|
| AMNCH | 152 |
| Mater | 71 |
| SVUH | 47 |
| Beaumount | 10 |
| CUH | 192 |
| MUH | 24 |
| Eile | 8 |
| **Iomlán** | **504** |

Faigheann cláraitheoir/comhairleach SFAÉ iarratais le haghaidh cóireálacha aifiríse ó chomhairleach nó chláraitheoir ospidéil. Déanann cláraitheoir SFAÉ gach cás a mheas ansan le haghaidh oiriúnachta don chóireáil.

Is iad na hospidéil inar cóireáladh othair: Ospidéal Tamhlachta (AMNCH), Mater, Ospidéal Nmh. Uinsionn (SVUH), Ospidéal Príobháideach Nmh. Uinsionn (SVPH), Beaumont, Ospidéal Ollscoil Chorcaí (CUH), Ospidéal Ollscoil na Trócaire (MUH), Eile (Uí Chonghaile, Beacon, SJH).

### GNÁTHAIMH DE RÉIR CINEÁIL

| Ospidéal | Líon Cásanna |
|---|---|
| Malartú Plasma | 486 |
| Ídiú Pláitíní | 1 |
| Laghdú ar Ídiú Báncheall | 12 |
| Malartú Deargcheall | 3 |
| Ídiú Deargcheall | 2 |
| **Iomlán gnáthamh** | **504** |

Solathraíonn an fhoireann aifiréise teiripí seirbhís ar ghlao ag deirí seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

Déantar gnáthaimh éigeandála de lá nó d'oíche i gcás mí-oird atá bagrach don bheatha. Déantar gnáthaimh phráinneacha do riochtaí a éilíonn cóireáil ar laethanta seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

# Seirbhísí Breise

## Banc Fíocháin

In Eanáir fuair an banc Fíocháin ag an Lárionad Náisiúnta Fola ceadúnas, de bhun Rialachán 8 de IR 158 de 2006, do bhaincéireacht fuil súile, chardashoithíoch agus corda imleacáin. Leanann an banc fíocháin ag iompórtáil ábhar le haghaidh máinliacht súile ó na SA, de rogha ar é a fháil ó dheontóirí Éireannacha, de bharr an riosca fhéideartha de vCJD.

In Eanáir thosaigh an banc fíocháin ag iomportáil coirní réamhghearrtha do cheireataplaist intéiliach ar iarratas ó mháinlianna optalmacha ar fud na tíre. Bhí méadú 40% ar iomportálacha coirní thar 2007, agus ba choirní do cheireataplaist intéiliach 28% den mhéadú seo. Soláthraíonn an banc fíocháin, freisin, i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Fola i Learpholl, seiream uathlógach le haghaidh deora do na hothair úd nach dtig leo braonta súile a ullmhaíodh i gcogaslann a fhulaingt.

Bhí méadú ar líon na ndeonachán croíchomhlaí agus na n-eisiúintí d'úsáid mháinliachta ag an mbanc croíchomhlaí a fheidhmíonn faoi choimirce an Ollamh Wood in Ospidéal Ollscoil Mater Misericordiae.

## Banc Corda Dhírithe

Reáchtálann SFAÉ mionbhanc corda dhírithe a éascaíonn bailiú críochaomhnú deonachán corda ó naíonáin nuabhreithe do shiblín a bhfuil riocht aige/aici a bhféadfadh trasphlandáil gaschille leigheas a sholáthar dó.

Le linn 2008, bailíodh agus próiseáladh naoi n-aonad corda, rud ab ionann agus laghdú 50% ar líon na n-iarratas le haghaidh bailiúcháin. Is gá go dtiocfadh iarratas ó mháinlia aistrithe smeara le go mbaileofaí an t-aonad corda fola.

# Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann

Bunaíodh Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR) i 1989 chun painéal deontóirí saorálacha a sholáthar do na hothair Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhfuil athphlandáil gaschille de dhíth orthu, mar theiripe leighis do roinnt riochtaí urchóideacha ar nós leoicéime agus roinnt mí-orduithe meitibileacha a tháinig le hoidhreacht, ar nós Siondróm Hurler. Gheobaidh formhór na n-othar Éireannach nach bhfuil deontóir siblíne acu deontóirí cuímheaitseáilte ar phainéil deontóirí gaschille/ smeara na hÉireann nó idirnáisiúnta.

Le linn 2008, shroich IUBMR cloch mhíle an 200ú trasphlandú a éascaíodh d'othar Éireannach. Go dtí seo, d'éascaigh IUBMR 242 trasphlandú, 166 acu ó 2000 i leith. As an 242 trasphlandú, rinneadh 208 d'othair Éireannacha agus 34 d'othair idirnáisiúnta. Le linn 2008, d'éascaigh an chlárlann 25 trasphlandú d'othair Éireannacha agus 3 d'othair idirnáisiúnta.


Tháinig bunús na ndeonachán gaschille d'othair Éireannacha ó dheontóirí idirnáisiúnta (23). Dheonaigh cúig dheontóir Éireannacha i 2008. Tugadh dhá cheann de na deonacháin d'othair Éireannacha agus 3 ceann d'othair idirnáisiúnta.

**WMDA**

Leagann Cumann Domhanda na nDeontóirí Smeara (WMDA) na caighdeáin idirnáisiúnta síos do chlárlanna smeara maidir le bailiú agus aistriú gascheallа fuilghinte. Tá IUBMR clannaithe leis an WMDA ó 19991 i leith, agus i 2007 bhain IUBMR creidiúnú amach leis an WMDA, an 8ú Clárlann ar domhan a bhain an stádas sin amach.

I 2008, d'éirigh le tairiscint ón gClárlann, in aghaidh iomaíochta laidir ó chlárlanna idirnáisiúnta, chun comhdháil Dhébhliantúil an WMDA i 2010 a reáchtáil i gColáiste na Tríonóide, tráth a chomórfar, freisin, an 21ú bliain ó bunaíodh an Chlárlann

**TRASPHLANDUITHE IUBMR A ÉASCAÍODH Ó DHEONTÓIRÍ ÉIREANNACHA AGUS IDIRNÁISIÚNTA 2000-2008**



# Dearbhú Cáilíochta

Cuireadh an tríú tuarascáil bhliantúil, a chomhlíonann IR 360 de 2005, faoi bhráid Bhord Leigheasra na hÉireann i 2008. Chlúdaigh an tuarascáil seo líon na ndeonachán a bailíodh, deonacháin nár úsáideadh, cainníocht na dtáirgí a úsáideadh agus cainníocht na dtáirgí a aisghaireadh. Chlúdaigh an tuarascáil, freisin, sonraí na dtuairiscí haemafhaireachais ón mBunaíocht Fola agus faisnéis ábhartha maidir le tástáil an mharcóra víreolaíochta a tuairiscíodh i rith na bliana.

Rinne BLÉ (Bord Leigheasra Éireann) naoi n-iniúchadh le linn 2008, d'fhonn comhlíonadh gníomhaíochtaí ceadúnais Bhunaíocht Fola SFAÉ (Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann) a thomhas. Chuir BLÉ dhá iniúchadh speisialta eile i gcrích, freisin. Bhain siad seo le coinníollacha an cheadúnais um Dhea-chleachtais Dáileacháin (GDP). Ardaíodh neamhchomhall mórchúiseach le linn an iniúchta maidir le GMP (Dea-Chleachtais Déantúsaíochta) sa LNF (Lárionad Náisiúnta Fola). Bhain an dara iniúchadh speisialta le crua-earra nua, a bhí mar chuid den tionscadal cobhsaíochta do Progesa. Clúdaíodh roinnt clinicí seasta agus soghluaiste le linn na n-iniúchtaí seo agus bhí toradh sásúil orthu.

Rinneadh dhá iniúchadh chuimsitheacha ar Ionad SFAÉ i gCorcaigh agus ar áiseanna LNF le linn Bealtaine agus Samhna. Tógadh dhá mhórchás neamhchomhaill le hIonad Chorcaí a bhain le hionradaíocht agus haemafhaireachas. Tógadh mórchás neamhchomhaill le LNF maidir le faireachas deontóirí.

Le linn 2008, forfheidhmíodh sraith Pilgrim Smart®Solve den EQMS (Ríomhchóras Bainistíochta Cáilíochta) ar fud SFAÉ. Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh agus ar shainiú mhodúl Smart®Train an EQMS. Tá sé beartaithe go mbeidh an modúl Smart®Train ag feidhmiú beo ar fud na heagraíochta faoi lár 2009.

Mar chuid de chóras Haemafhaireachais Bhunaíocht Fola SFAÉ le linn 2008, thuairiscigh an LNF 29 SARs (Frithghníomhartha Troma Díobhálacha) don ONH (Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais). Níor forchéimníodh ceithre cinn acu seo. Thuairiscigh an LNF 48 SAEs (Teagmhais Throma Dhíobhálacha). In Ionad Chorcaí, tuairiscíodh seacht SARs don ONH, ach níor forchéimníodh trí cinn acu. Ina theanntasan, thuairiscigh Ionad Chorcaí 13 SAEs.

Ceann de phríomhghnéithe an Chórais Bhainistithe Cáilíochta is ea rialú na n-athruithe ar an bpróiseas, táirge, trealamh agus córais. Le linn 2008 tógadh ceist faoi 305 rialú athruithe ag an leibhéal náisiúnta a chlúdaigh athruithe móra/suntasacha ar phróiseas agus ar ábhair (mar shampla, tionscnamh córas nua do mhalaí fola). Ag an leibhéal áitiúil ardaíodh 161 rialú athruithe ag an MRTC agus 250 rialú athruithe san LNF. Ardaíodh 659 ordú athruithe faoin bpróiseas ordaithe athruithe i Smart®Doc a chlúdaigh athruithe ar cháipéisí. Forchéimníodh go sásúil an tionscadal chun SOPs a chomhchuibhiú laistigh de SFAÉ le linn 2008, le méadú de 71% faoi dheireadh na bliana.

Tá neamhchomhaill laistigh den Chóras Bainistithe Cáilíochta á ngabháil ag an gcóras Tuairiscthe Teagmhas Inmheánach Cáilíochta (TT) i SFAÉ. Déantar léirmhonatóireacht ar rianadh agus ar threochtaí teagmhas, agus tuairiscítear iad agus feidhmítear ina leith i rith na bliana chun atarluithe a chosc. Bíonn cruinnithe Cáilíochta míosúla sa LNF agus in Ionad Chorcaí, nuair is féidir leis na

## Dearbhú Cáilíochta

ranna torthaí foghlama na dteagmhas seo a roinnt ar a chéile. Ardaíodh 1550 IRs sa LNF le linn 2008, agus grádaíodh mar mhórtheagmhais 165 (10.6%) acu. D'éirigh an príomh-mhéadú ar líon na dTuairiscí ar Theagmhais i 2007 as tionscnamh an nuachórais malaí. In Ionad Chorcaí tógadh 584 tuairisc faoi theagmhais Cháilíochta Inmheánacha. Grádaíodh 141 (24%) acu seo mar mhórtheagmhais. Ba laghdú an líon a tuairiscíodh i 2008 ar an 612 TT a tuairiscíodh i 2007. Déanann an fheidhm QA dlúthmhonatóireacht ar chur i gcrích na TT agus tuairiscítear orthu ag na cruinnithe Cáilíochta míosúla.

Tá córas cuimsitheach athghairme i bhfeidhm ag SFAÉ, a phléann go príomha le faisnéis iardheonacháin agus le saincheisteanna faoi ionfhabhtaíocht bhaictéarach amhrasta. I 2008 tionscnaíodh 286 athghairm ag LNF, 140 (49%) acu de bharr ionfhabhtaíochta baictéaraí amhrasta agus 83 (29%) bainteach le faisnéis iardheonacháin. Ag Ionad Chorcaí, imscrúdaíodh 71 athghairm le linn na bliana, 40 (56%) acu bainteach le faisnéis iardheonacháin agus 9 (13%) bainteach le frithghníomhartha fuilaistrithe amhrasta nuair atá Ionad Chorcaí ag feidhmiú mar Bhanc Fola Ospidéil.

I SFAÉ, taifeadann an córas doiciméadaithe foirmeálta do ghearáin chustaiméirí, na gearáin faoi sheirbhís agus faoi tháirgí, araon. I 2009, tá sé beartaithe é seo a fheabhsú a thuilleadh trí shainchóras níos cuimsithí a sholáthar chun gearáin deontóra agus gearáin seirbhíse a ghabháil. Beidh seo de bhreis ar an gcóras gearáin faoi tháirgí. Fuarthas 917 gearán sa LNF le linn 2008. Rangaíodh iad mar fhaisnéis iardheonacháin (26.8%), DAT-dheimhneach (17.2%) agus ionfhabhtaíocht BacT amhrasta (15.9%). Ag Ionad Chorcaí fuarthas 218 gearán a miondealaíodh mar fhrithghníomhartha fuilaistrithe (28%), moillithe ag clinicí (17%), agus bhain 10% le hiarchur deontóirí.

Mar chuid den Chóras Bainistithe Cailíochta, ardaíodh 53 plean Bailíochtaithe agus 193 plean faoi rialú athruithe le linn 2008. Chlúdaigh siad seo tionscnamh mórathruithe leanúnacha laistigh de Chóras Bainistithe Cáilíochta SFAÉ.

Ba é an príomhfhócas oiliúna le linn 2008, oiliúint a rolladh amach d'úsáideoirí agus do lucht féachana ardleibhéil an mhodúil EQMS Smart doc. Cuireadh seo i gcrích go sásúil i rith na bliana agus d'éascaigh an fheidhm AD é.

Chlúdaigh na cláir iniúchta inmheánacha 31 iniúchadh ar leith laistigh de SFAÉ. Ba iad seo clinicí, déantúsaíocht, tástáil, stóráil agus dáileachán.

# Acmhainní Daonna

Tá Acmhainní Daonna dírithe i gcónaí ar straitéisí acmhainní daonna inmheánacha a fheabhsú, lena chinntiú go bhfuil cumas ag an bhfoireann freastal ar riachtanais deontóirí agus othar i rith na bliana. Réimse amháin ar tháinig feabhsú dá shórt air is ea athailíniú socruithe oibre inmheánacha SFAÉ, rud a rinneadh ar bhonn na sonraí seo a leanas:

- Plean Straitéise SFAÉ 05-09
- I dTreo 2016 – An Creat Comhpháirtíochta Sóisialta
- Taighde ar an Margadh Idirnáisiúnta
- Suirbhéanna Deontóra.

Tá an t-athailíniú seo á fhorbairt agus á fheabhsú trí Athbhreithniú Saotharlainne 2007-2009, Athbhreithniú ar an bPróiseas Deonacháin, Athbhreithniú Iompair agus athbhreithniú ar ár seirbhísí i gclinic Shráid D'Olier.

I 2008 tháinig forbairtí suntasacha ar na tionscadail seo uile. I dtús áite, bhí tionscnamh an lá oibre sínithe sna saotharlanna, a tháinig i bhfeidhm faoi chomhaontú saotharlainne nua a shruthlínigh seirbhísí sa réimse seo.

D'éirigh linn Céim a hAon d'Athbhreithniú an Phróisis Dheonacháin a chur i gcrích i mbliana agus cumasaíodh rolladh amach Céim a Dó trí chinneadh suntasach na Cúirte Oibreachais i 2008. Críochnaíodh, freisin, an t-athbhreithniú ar na huaireanta oscailte sínithe don Chlinic Deonachán Aifiréise san LNF.

Chuir tionscadail feabhsúcháin agus cláir athruithe 2008 forbairt leanúnach ar sheachadadh seirbhísí d'othair agus do dheontóirí. Tosaíocht leanúnach é seo do na hacmhainní daonna feasta, agus cumasóidh cothú chultúir an athraithe leanúnaigh ar bhonn tráthúil, freisin, seachadadh seirbhíse ardchaighdeáin san am atá romhainn.

Bhí ról tábhachtach ag an tseirbhís earcaíochta, a chinntiú gur fhostaíomar agus gur ardaíomar na daoine cearta, ag an am ceart agus sa ról ceart, chun tacú le seachadadh agus le soláthar seirbhíse sármhaithe d'ár ndeontóirí, d'othair agus do phríomhpháirtithe leasmhara.

Thionscain SFAÉ mórchlár oiliúna agus forbartha don fhoireann i 2008. Cur chuige comhtháite aonta, chun inniúlacht na mbainisteoirí agus na bhfoirne a fhorbairt, atá mar bhunsraith leis an gcur chuige a roghnaíodh, agus ba iad cuspóirí an chláir:

- Cabhrú leis an eagraíocht a bheith níos cumasaí agus níos éifeachtaí
- Foirne ardfheidhmíochta a chruthú agus a fhorbairt
- Inniúlachtaí ceannaireachta agus bainistíochta a fhorbairt.

## Acmhainní Daonna

Sainaithníodh ceithre príomhghrúpaí bainistíochta agus tá páirt á glacadh acu i gceann de na cláir atá á reáchtáil ag IMI agus IBEC:

- Clár Forbartha Feidhmiúcháin – IMI i gcomhar le IBEC
- Clár Forbartha Sinsearach – IMI i gcomhar le IBEC
- Clár Forbartha Oibríochtaí Feidhmiúcháin – IMI & IBEC
- Clár Forbartha Oibríochtaí Túslíne – IBEC i gcomhar le IMI

Chun ár gcuspóir a aimsiú, maidir le foirne ardfheidhmíochta a chruthú agus a fhorbairt, thosaigh an clár forbartha foirne, i gcomhar le IBEC, le foirne túslíne i 2008.

Saincheapadh gach clár do SFAÉ, agus tá tús curtha le hobair ar Phleananna Forbartha Foirne, ar Phleananna Forbartha Pearsanta agus ar thionscadail Feabhais Leanúnaigh atá spriocdhírithe.

Bhí meánlíon de 1.5 lá oiliúna ag baill foirne ar leith i réimsí ar nós Sláinte agus Sábháilteacht, Comhshaoil, Scileanna TF, agus cláir Fhorbartha Pearsanta. De bharr ár dtiomantais d'fhoghlaim eagraíochtúil, d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta agus do thaighde, ar bhonn leanúnach, tugadh cúnamh airgid lánurraithe do 21 fostaí agus cúnamh airgid theoranta do 20 fostaí le haghaidh oideachais bhreise.

Bhí an Leabharlann go leanúnach ag tiomáint na foghlama, an taighde agus riachtanais eolais SFAÉ, agus ag tacú leo i gcónaí. Meádaíodh ár mbailiúcháin d'ábhar neamh-mhíochaine chun freastal ar riachtanais na bhfostaithe a bhí ag gabháil den chlár Quantum Leap, agus tugadh aghaidh ar riachtanais na mball foirne a bhí ag gabháil de staidéir bhreise. Le linn 2008, chuir foireann na Leabharlainne oiliúint ar fáil faoin dóigh le teacht ar fhaisnéis bhainistíochta, agus a foinsí a lua agus a thagairt, fad a bhí seisiúin leabharlainne agus scileanna faisnéise do ghrúpaí agus do dhaoine aonair á gcoinneáil ar siúl. Mar chuid d'fheabhsú seirbhíse chun fostaithe a chur san airdeall, forbraíodh liostaí dáiliúcháin sainábhar nua ar r-phost don fhiabhras Dengue agus do Chikungunya.

I 2008, freisin, leasaíodh straitéis na cumarsáide inmheánaí. Réimse amháin a aithníodh le haghaidh feabhsaithe ab ea an t-inlíon. Ós cineál cumarsáide príomhshrutha é an t-inlíon, agus é ar fáil go náisiúnta, tionscnaíodh obair chun é a athbheochan, a nuashonrú agus a fheabhsú, de thoradh aiseolas ón bhfoireann.

# Airgeadas

**Tá Cuntais 2008, a léirítear thíos, i bhfoirm dréachta:**

| Airgeadas | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 116,714 | 110,634 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 853 | 557 |
| Ioncam Iomlán | 117,567 | 111,191 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Caiteachas Iomlán | 116,540 | 107,190 |
| Barrachas don bhliain | 1,027 | 4001 |

## Ioncam

Miondealaítear ioncam iomlán an Bhoird do 2008, €117.56 milliún (2007: €111.19 milliún), ina ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Tá an t-ioncam athfhillteach comhdhéanta d'airgead ó tháirgí agus sheirbhísí a sholáthraítear d'ospidéil de €116.71 milliún (2007 : €110.63 milliún). D'ardaigh an Bord a phraghsanna i 2008 de 4%. Ní bhfuarthas aon mhaoiniú díreach i 2008 ón Roinn Sláinte agus Leanaí don chaiteachas a tabhaíodh ar an gclár Heipitíteas C. Cuimsíonn ioncam neamh-athfhillteach 2008 ús a gnóthaíodh ar thaiscí agus ar fháltais bhainc de bharr díolachán sócmhainní seasta.

## Caiteachais

Bhí caiteachas de €116.54 milliún ann i 2008 (2007: €107.19 milliún). Bhain caiteachas méadaithe na bliana go príomha le forfheidhmiú na gcomhaontuithe náisiúnta pá laistigh den eagraíocht, costais a bhaineann le hatheargú oibre sna saotharlanna agus costais bhreise dímheasa de bharr infheistíochta breise i sócmhainní le blianta beaga anuas.

Tugann an Bord cuntas ar phinsin de réir chaighdeán tuairiscthe airgeadais 17 'Sochair Scoir' (FRS17).

Le linn 2006, chinn an Bord ar chúlchistí taighde a bhunú agus aistríodh €752,000 chuig an gciste seo. Caitheadh €296,000 as an gciste seo don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2008 (2007: €216,000).

Tá cúlchiste caipitil, freisin, ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Aistríodh €5 milliún chuig an gciste seo sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005.

# Airgeadas

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.7m i dtionscadail agus i dtrealamh caipitiúil le linn 2008. Chuimsigh na príomh-infheistíochtaí le linn na bliana, Córas Pippetor don tSaotharlann Víreolaíochta, an córas inrianaitheachta 'Bag and Tag', infheistíocht bhreise i ríomhchóras bainistithe cáipéisí (EDMS) SFAÉ, agus an uirlis chuardaigh agus tuairiscthe sonraí (BOSS) dár gcóras bainistíochta fola Progesa. Bhí caiteachas athfhillteach ann ar ionadú bhonneagar na TF, ar ghléasra agus trealamh míochaine agus eile, agus ar theicneolaíochtaí nua.

## Córais Airgeadais

Le linn 2008, uasghrádaíodh crua-earraí agus bogearraí an chórais airgeadais agus uasghrádaíodh an t-ardán Oracle leis an leagan is déanaí amuigh. Thug an t-uasghrádú seo feidhmiúlacht níos fearr, ar nós íomháú cáipéisí agus cumais r-phoist d'orduithe ceannaigh/sonraisciú díolachán chuig soláthróirí agus custaiméirí. I 2009 moltar go ndéanfar crua-earra, bog-earra agus ardán Oracle a uasghrádú dár gcóras comhtháite AD/Párolla.

## Reachtaíocht um Íoc Pras

Comhlíonann an Bord riachtanais na Reachtaíochta um Íoc Pras, ach sa mhéid a luaitear thíos. An gnáthchairde a ghlacann an Bord, seachas má shonraítear a mhalairt sna sainsocruithe conartha, ná 30 lá ó dháta an tsonraisc nó ón am a dhearbhaítear go bhfuarthas earraí nó seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2008, faoi théarmaí na reachtaíochta infheidhmithe, bhí 215 sonrasc in iomlán, de luach €2,226,136.65, 32 lá mall ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 1.27% de réir líon agus 2.60% de réir luach na n-íocaíochtaí uile do sholáthróirí ar earraí agus sheirbhísí le linn na bliana. Íocadh ús €8,649.10 in iomlán ar na híocaíochtaí malla uile. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a ghnáthaimh riaracháin d'fhonn cuidiú le híoslaghdú an ama a ghlactar le fiosruithe agus le réiteach sonrasc.

# Rialachas Corparáide

Tá sé mar pholasaí ag an mBord na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil, de réir na mbeartas agus na gcleachtas a bhfuil gnáthghlacadh leo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí.

D'aontaigh an Bord ar liosta ábhar atá forchoimeádta don Bhord, agus liosta ábhar a tarmligeadh don fheidhmeannas. D'aontaigh an Bord ar an méid a bheadh i lámhleabhar do chomhaltaí an Bhoird. D'aontaigh an Bord, freisin, ar shainchúram an Choiste Iniúchóireachta a leathnú chun comhlíonadh a chur san áireamh.

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta do chomhlíonadh na bhforálacha ábhartha den chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2001.

Tá cód iompair don Bhord agus cód iompair d'fhostaí curtha i bhfeidhm. Tá geallta ag an mBord na cóid seo a athbhreithniú go rialta.

D'athbhreithnigh Bord SFAÉ tuairiscí faoi rialuithe inmheánacha le linn na bliana, mar aon le hathbhreithnithe rialta ar thuairiscí Bord Leigheasra na hÉireann maidir le rialuithe oibríochtúla agus comhaill agus bainistiú rioscaí. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú na dtuairiscí seo agus ag obair go dlúth le BLÉ chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Chomhlíon SFAÉ na gnáthaimh diúscartha atá luaite sa "Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit". Comhlíonann SFAÉ gach dualgas ábhartha a shainítear faoi dhlí cánachais na hÉireann.

### Treoirlínte maidir le measúnú agus bainistiú Tograí Caiteachais Caipitiúla

Tá an Bord tiomanta do chomhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Measúnú agus Bainistiú Tograí Caiteachais Caipitiúla a d'eisigh an Roinn Airgeadais in Iúil 1994, (leasaithe Ean 2005).

### Córas Feidhmithe an Bhoird

Tá dhá chomhalta déag ar an mBord lena n-áirítear Cathaoirleach neamhfheidhmeannach a cheap an tAire Sláinte agus Leanaí.

Tháinig an Bord le chéile ar 10 ócáid le linn na bliana. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird mar a leanas:

### Coiste Luach Saothair

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord chun déileáil go sonrach le hábhair a bhaineann le tuarastal agus feidhmíocht an Phríomh-Fheidhmeannaigh. Cloíonn an Bord le polasaí an Rialtais maidir le pá don Phríomh-Fheidhmeannach agus do na fostaithe.

| Freastal ar Bhord | Ean | Feabh | Aib | Beal | Meith | Iúil | M.Fómh | D.Fómh | Samh | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Maura McGrath, Cathaoirleach | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Sean Wyse | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mark Moran | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | ✓ |
| David Lowe | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| Dave Keenan | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| An Dr Robert Landers | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr Margaret Murray | ✓ | | | | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ |
| An Dr Cees Van Der Poel | | | ✓ | ✓ | | | | ✓ | ✓ | |
| An Dr Mary Cahill | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ms Margaret Mullett | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ms Jane O'Brien | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mr Gerry O'Dwyer | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |

Faigheann gach comhalta faisnéis cuí tráthúil chun cabhrú leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh. Glacann an Bord le cuíchomhairle ghairmiúil neamhspleách de réir mar is gá.

Cloítear le treoirlínte maidir le híoc táillí agus costais stiúrthóra. Tá struchtúr coistí gníomhachtaithe ag an mBord chun cuidiú le comhlíonadh éifeachtach a chuid freagrachtaí.

### Coiste Comhairleach Míochaine

Tá an Coiste Comhairleach Míochaine comhdhéanta de chomhaltaí Boird atá cáilithe i gcúrsaí leighis, agus foireann chomhairleach míochaine, agus tagann sé le chéile go míosúil. Tá sé d'fheidhm aige monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse mhíochaine an aistriúcháin agus le réimsí gaolmhara, eolas a thabhairt don Bhord faoi aon fhorbairtí dá shórt agus an Bord a chomhairliú faoin ngníomhaíocht chuí.

### An Coiste Airgeadais

Bhuail an Coiste Airgeadais le chéile cúig uaire le linn na bliana agus tá triúr comhaltaí den Bhord air. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Míochaine & Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta air, freisin. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar ní ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na buiséid bhliantúla caipitiúla agus oibriúcháin, cuntaisí bainistíochta, árachas, soláthar, beartas cistíochta, caiteachas caipitiúil, cleachtais chostála agus socruithe baincéireachta agus maoinithe. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais agus tugann sé comhairle ar chinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmeálta, a athbhreithníonn an Bord go rialta.

### An Coiste Iniúchóireachta & Comhaill

Cuireadh le sainchúram an Choiste Iniúchóireachta d'fhonn an córas cáilíochta a chur san áireamh, agus athainmníodh é in Eanáir 2008 mar an Coiste Iniúchóireachta agus Comhaill. Tháinig an Coiste le chéile cúig uaire le linn na bliana, agus tá ceathrar comhaltaí Boird agus beirt chomhalta neamhspleách seachtrach air. Freastlaíonn an Príomh-Fheidhmeannach, an Stiúrthóir Míochaine & Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Cuntasóir Bainistíochta agus Iniúchóir Inmheánach, agus an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhaill air, freisin.

Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar ní ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta, na bearta cuntasaíochta, comhall na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta na n-idirbhearta móra. Casann na hiniúchóirí seachtracha ar an gCoiste chun torthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais an Bhoird a athbhreithniú. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta & Comhaill faoi théarmaí tagartha foirmeálta, a leasaigh an Bord agus a athbhreithníonn an Bord go rialta.

# Rialachas Corparáide

## Clárlann Rioscaí

Sainaithníonn an chlárlann rioscaí, na rioscaí straitéiseacha, cliniciúla, airgeadais agus oibriúcháin atá ann don eagraíocht agus na rialuithe láithreacha agus gníomhartha breise is gá chun tionchar riosca don eagraíocht a íoslaghdú má tharlaíonn sé. Tá an Chlárlann Rioscaí roinnte i gclárlanna rioscaí Eagraíochta, Cliniciúla agus TF. Is í an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a dhéanann an Chlárlann Rioscaí Eagraíochtúla a athbhreithniú agus a nuashonrú. Athbhreithníonn na comhairligh mhíochaine an Chlárlann Rioscaí Cliniciúla agus athbhreithníonn agus nuashonraíonn Comhairle an ICT Clárlann Rioscaí na TF.

Cinntíonn an mhonatóireacht seo gur cúrsaí reatha iad na rioscaí agus rialuithe a  aithnítear, agus go n-aithneofar rioscaí nua a thagann chun cinn agus go gcuirfear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

## Gnó Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil leoracmhainní ag SFAÉ chun leanúint ag feidhmiú go hoibríochtúil sa todhchaí intuartha. Chuige seo, glacann siad i gcónaí le gnóthas leantach mar bhonn, nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach SFAÉ agus as a héifeachtúlacht a athbhreithniú. Tá córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird comhdhéanta de na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le:

- Sócmhainní a chosaint in aghaidh úsáide nó eagair neamhúdaraithe, agus
- Cuíthaifid cuntasaíochta agus  an fhaisnéis airgeadais iontaofa a úsáidtear san eagraíocht a choinneáil.

Is iad na príomheilimintí de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird ná:

- Córas cuimsitheach um thuairisciú airgeadais
- Buiséad Bliantúil a réitítear agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird, agus monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht in aghaidh buiséad
- Struchtúr airgeadais léirshainithe
- Cuíscaradh dualgas
- Léirtheorainneacha údaráis do chaiteachas caipitiúil agus athfhillteach, faofa ag an gCoiste Airgeadais
- Príomhphróisis airgeadais atá lándoiciméadaithe i ngnáthaimh scríofa
- Stocáirimh míosúla a dhéanann baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann stórais
- Fíorú íocaíochta ar shonraisc soláthróirí ag baill foirne shinsearacha atá neamhspleách ar fhoireann na gcuntas iníoctha
- Seiceálacha fíoraithe agus rialuithe pasfhocal a bheith ag an gcóras airgeadais
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa

- Na duilíní scolta uile d'eisiúint táirgí a bheith meaitseáilte lena sonraisc chuí chun a chinntiú go lánbhilleáiltear imeachtaí uile an Bhoird
- Gach ordú ceannaigh a bheith sínithe ag an oifigeach ceannaigh
- Sonraí stoic á bhforéileamh le luathordú
- Gach sonrasc neamhstoic a bheith sínithe agus códaithe ag bainisteoirí buiséid
- Gach sonrasc stoic a bheith meaitseáilte go neamhspleách le GRN an stórais.

Tá an Bord feasach gur ceapadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistiú, seachas díothú, a dhéanamh ar an riosca go dteipfeadh orainn ár gcuspóirí gnó a bhaint amach. Ní thig le rialú inmheánach ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráitis nó caillteanais ábhartha.

**Ráiteas faoi Dhualgais Chomhaltaí an Bhoird**

Éilíonn an tOrdú um Bord na Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunaíocht) 1965, go n-ullmhódh an Bord ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí agus caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe na hÉireann, dearcadh fíor, cothrom ar staid chursaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ní mór don Bhord:

- Cuíbheartais chuntasaíochta a roghnú agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas más míchuí a réamh-mheas go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann i mbun gnó.

Tá an Bord freagrach as cuíleabhair chuntasaíochta a choinneáil, a léiríonn le cruinneas réasúnta ag am ar bith, staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Rialachas Corparáide

**Comhaltaí an Bhoird**

Ms Maura McGrath (Cathaoirleach)

Mr David Keenan
Mr David Lowe
Mr Sean Wyse
Ms Jane O'Brien
An Dr Mary Cahill
An Dr Cees van der Poel
An Dr Rob Landers
An Dr Margaret Murray
Ms Margaret Mullett
Mr Gerry O'Dwyer
Mr Mark Moran (athcheaptha 1ú Deireadh Fómhair 2008)

**Iniúchóirí**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós an Chaisleáin Íochtarach
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

**Aturnaetha**

McCann Fitzgerald Aturnaetha
Cois Abhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

**Baincéirí**

Banc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

# Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**LÁRIONAD NÁISIÚNTA FOLA**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01 432 2800
f: 01 432 2930
e:info@ibts.ie
www.giveblood.ie
Eolaslíne deontóra 1850 731 137

**IONAD CHORCAÍ**
Ospidéal Nmh. Fionnbarra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021 480 7400
f: 021 431 3014

**CLINIC DEONTÓRA BHAILE ÁTHA CLIATH**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01 474 5000

**CLINIC DEONTÓRA STIGH LURGAN**
6 Sean-Bhóthair Baile Átha Cliath
Stigh Lurgan
Co Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

**IONAD BHAILE ÁTHA FHIRDHIA**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co Lú
t: 041 685 9994
f: 041 685 9996

**IONAD CHEATHARLACH**
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Chearnáin
Bóthar Bhaile Haicéad
Ceatharlach
t: 059 913 2125
f: 059 913 2163

**IONAD LUIMNIGH**
Carrig House
Ascal Chloch Chéatainn
Páirc Ghnó an Ráithín
Luimneach
t: 061 306 980
f: 061 306 981

**IONAD THUAMA**
Aonad 49
Páirc Gnó N17
Tuaim
Co na Gaillimhe
t: 093 708 32
f: 093 705 87

**LÁRIONAD NÁISIÚNTA FOLA**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01 4322800
f: 01 4322930
e: info@ibts.ie
www.giveblood.ie
aertel p691
Eolaslíne Deontóra 1850731137

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

Design: visible@danielobrien.ie Tel 041 9884154